Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8929/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0052(COD)**

**TRANS 171**
**JAI 535**
**DAPIX 4**
**ENFOPOL 211**
**CODEC 765**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7444/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6792/23 |
| Ábhar: | Ullmhúchán do chruinniú den Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) an 1 Meitheamh 2023<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 maidir le malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a éascú<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 1 Márta 2023 mar chuid den Phacáiste maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.

Tá an Coimisiún tar éis a thogra a thíolacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) cur le líon na dtiománaithe neamhchónaitheacha a chomhlíonann na rialacha breise tráchta úd a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, (b) nósanna imeachta um chúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit a chuíchóiriú san imscrúdú trasteorann ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus c) cosaint chearta bunúsacha ciontóirí neamhchónaitheacha a neartú. Modhnaítear leis an togra an Treoir maidir le malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a éascú (Treoir (AE) 2015/413 — 'Treoir CBE').

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra seo agus Kosma ZLOTOWSKI (ECR, PL) mar rapóirtéir.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ag an 578ú seisiún iomlánach, an 27 Aibreán 2023.

## III. AN OBAIR AG AN gCOMHAIRLE AGUS I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

Chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre an 2 Márta 2023 le cur i láthair ginearálta ar an togra. Rinneadh anailís ar an measúnú tionchair an 8 Márta 2023. An 15 Márta, an 5 Aibreán, an 19 Aibreán agus an 3 Bealtaine 2023, lean an Mheitheal de scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an togra.

## IV. AG OBAIR I dTREO COMHRÉITIGH

Thíolaic an Uachtaránacht an chéad pháipéar leathoifigiúil (WK 4408/23) chun an plé ar an togra a stiúradh sa Mheitheal an 5 Aibreán 2023. An 14 Aibreán, dhréachtaigh an Uachtaránacht an chéad togra comhréitigh (7444/23) agus scrúdaigh sí é sin sa Mheitheal an 19 Aibreán. D’ullmhaigh an Uachtaránacht an dara téacs comhréitigh (7444/1/23 REV 1) a pléadh an 3 Bealtaine agus a bunaíodh ar an aiseolas maidir leis an gcéad chomhréiteach.

## V. CONCLÚIDÍ

Ar bhonn na hoibre a rinneadh go dtí seo, tháinig an Uachtaránacht ar na conclúidí seo a leanas:

1. Measann formhór na mBallstát go bhféadfaí cionta eile tráchta a chur le raon feidhme na Treorach. Mar sin féin, beidh gá le tuilleadh oibre chun síneadh an raoin feidhme a theorannú, go háirithe chun criosanna atá rialaithe ag rochtain feithiclí a chur san áireamh. Beidh sé tábhachtach, freisin, rochtain na n-údarás inniúil ar shonraí clárúcháin feithiclí a chinntiú chun cosaint sonraí a áirithiú agus go háirithe chun ráthaíochtaí breise a thabhairt sna cásanna sin ina bhféadfadh cuideachtaí príobháideacha a bheith rannpháirteach in úsáid agus i bpróiseáil na sonraí pearsanta a gheobhaidh na húdaráis inniúla. Tá drogall ar fhormhór na mBallstát cionta eile tráchta a áireamh nach mbaineann le criosanna sábháilteachta bóthair ná le limistéir a bhfuil rochtain ag feithiclí orthu.

2. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na téamaí seo a leanas:

- Maidir leis an nós imeachta um chúnamh frithpháirteach chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis sin do Bhallstáit a bhfuil córas dliteanais oibiachtúil acu, rud a thugann le tuiscint nach féidir leo an tiománaí a chur faoi dhliteanas ach amháin i leith an chiona tráchta a rinneadh le feithicil a cláraíodh san Aontas. Ní mór imscrúdú breise a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an t-ualach oibre riaracháin a shrianadh, toisc go bhfuil forchoimeádais curtha in iúl ag roinnt Ballstát maidir leis an ualach oibre a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le cúnamh a thabhairt do Bhallstáit eile an tiománaí a shainaithint.

- Maidir leis an bhfaisnéis is gá a sholáthar don tiománaí a seiceáladh ar an láthair i rialú bóthair, beidh sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir ábhar na faisnéise atá le soláthar agus an chaoi a dtarchuirfear an fhaisnéis ag brath ar an staid shonrach. Bheadh gá leis an bhfaisnéis a dhifreáil ag brath ar an gcóras dliteanais, cibé acu an mbraithfear an cion go huathoibríoch nó nach mbraithfear agus an féidir an íocaíocht a dhéanamh ar an láthair nó nach féidir.

- A luaithe a tharchuirfear an fhaisnéis faoin gcion chuig an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an duine sin teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil, rud a bhféadfadh malartú doiciméad leantach a bheith i gceist leis. Sa togra ón gCoimisiún, ba cheart é sin a dhéanamh i dteanga dhoiciméad clárúcháin an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas, nó in aon teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a roghnaíonn an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas. Cé go n-aithníonn na Ballstáit go bhféadfadh sé a bheith ina chuidiú cumarsáid a dhéanamh sa teanga a roghnaigh an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas maidir le hardleibhéal cosanta do na cearta bunúsacha a ráthú, tá amhras fós ar na Ballstáit faoi mhéid na hoibre riaracháin agus na gcostas a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin.

3. Beidh gá le hobair bhreise theicniúil agus choincheapúil ar an gcomhréiteach ón Uachtaránacht chun seasamh a fhorbairt a bhféadfadh na Ballstáit tacú leis.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a rinneadh, i ndáil leis an obair maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar Threoir CBE, a thabhairt dá n-aire.